Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Iúil 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0209(COD)**

**11221/23**
**ADD 3**

**EF 199**
**ECOFIN 693**
**CODEC 1236**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 232 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach lena leasaítear |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 232 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 232 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.6.2023
SWD(2023) 232 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010**
**agus**
**Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach lena leasaítear**

{COM(2023) 366 final} - {COM(2023) 367 final} - {SEC(2023) 256 final} - {SWD(2023) 231 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

**Measúnú tionchair ar thogra ón gCoimisiún le haghaidh: rialachán maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus treoir maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach**

### A. An gá atá le beart

#### Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Is é an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta de 2015 (PSD2, Treoir 2015/2366) an creat dlíthiúil le haghaidh íocaíochtaí san Aontas. Fuarthas i meastóireacht ar PSD2, atá i gceangal leis an Measúnú Tionchair, cé gur breathnaíodh feabhsuithe suntasacha san earnáil íocaíochtaí ó cuireadh PSD2 i bhfeidhm, nár baineadh cuspóirí PSD2 amach ach i bpáirt. Is iad seo a leanas na ceithre saincheist ar a bhfuil an Measúnú Tionchair bunaithe:

- Tá tomhaltóirí fós i mbaol calaoise (go háirithe calaois innealtóireachta sóisialta) agus níl muinín acu as íocaíochtaí, d'ainneoin gur éirigh le Fíordheimhniú Láidir Custaiméara (SCA), a tugadh isteach le PSD2, maidir le deireadh a chur le calaois in íocaíochtaí faoi réir SCA.
- Tá an margadh Baincéireachta Oscailte (OB) ag feidhmiú go neamhfhoirfe. Is éard is Baincéireacht Oscailte ann, an próiseas trína soláthraíonn Soláthraithe Tríú Páirtí seirbhísí breisluacha d'úsáideoirí trí rochtain a fháil – le toiliú an úsáideora – ar shonraí a gcuntais íocaíochta. Tá méadú tagtha ar an margadh sin ó PSD2, ach tá go leor gearán ann faoi chomhéadain neamhleora le haghaidh malartú sonraí, rud a chuireann bac ar fhorbairt an mhargaidh.
- Tá cumhachtaí agus oibleagáidí neamhréireacha ag maoirseoirí agus tá difríochtaí idir forfheidhmiú agus cur chun feidhme PSD2 idir na Ballstáit.
- Tá éagothroime iomaíochta ann idir bainc agus Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta neamhbhainc (PSPanna), go háirithe maidir le rochtain ar chórais íocaíochta. Bíonn sé deacair do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc cuntas a oscailt le bainc thráchtála (rud atá riachtanach chun ceadúnas a fháil) agus tá cosc orthu bheith rannpháirteach go díreach i roinnt mhórchórais íocaíochta de chuid an Aontais leis an Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta (SFD, Treoir 1998/26).

Is de chineál rialála iad na cúiseanna leis na fadhbanna sin go bunúsach (cé is moite de theacht chun cinn leanúnach na calaoise íocaíochta) (bearnaí agus lochtanna sa chreat dlíthiúil).

Is iad seo a leanas na hiarmhairtí a bhaineann leis na fadhbanna:

- Tugann úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (tomhaltóirí, ceannaithe, FBManna) aghaidh ar riosca leanúnach calaoise , rogha theoranta seirbhísí íocaíochta agus praghsanna níos airde;
- Soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar soláthraithe Baincéireachta Oscailte iad, ní mór dóibh aghaidh a thabhairt ar bhacainní maidir le seirbhísí bunúsacha na baincéireachta oscailte a thairiscint agus bíonn sé níos deacra dóibh bheith nuálach;
- Ní mór do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, ar bhonn ginearálta, aghaidh a thabhairt ar neamhchinnteachtmaidir lena n-oibleagáidí, agus bíonn soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i gcomparáid le bainc;
- Cuirtear bac ar an ngeilleagar mar gheall ar neamhéifeachtúlachtaí in íocaíochtaí, rud a chruthaíonn costais níos airde d'oibríochtaí tráchtála;
- Tá an margadh aonair ilroinnte, mar gheall ar ghníomhaíochtaí mar atá siopadóireacht dlínse.

#### Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Tá ceithre chuspóir shonracha leis an tionscnamh seo:

1. Cearta úsáideoirí agus cosaint ar chalaois a neartú;
2. Iomaíochas na seirbhísí Baincéireachta Oscailte a fheabhsú;
3. Feabhas a chur ar fhorfheidhmiú agus ar chur chun feidhme sna Ballstáit;
4. Feabhas a chur ar rochtain (díreach nó indíreach) ar chórais íocaíochta agus ar chuntais bainc do sholáthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc.

Cuirfidh sé freisin le simpliú riaracháin trí na córais a thabhairt le chéile don dá chineál soláthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc, d'Institiúidí Íocaíochta agus d'Institiúidí Ríomh-Airgid, a bhí cuimsithe i bpíosaí éagsúla reachtaíochta go dtí seo.

Tá bearta sa tionscnamh freisin chun feabhas a chur ar chearta tomhaltóirí agus ar fhaisnéis do thomhaltóirí, ar

chuimsiú airgeadais daoine faoi mhíchumas agus daoine eile a bhfuil deacrachtaí acu SCA a úsáid, agus chun feabhas a chur ar infhaighteacht airgid thirim.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Bhí an t-éileamh ar ghníomhaíochtaí íocaíochta trasteorann i gcónaí ina phríomhthoisc lena dtugtar údar le reachtaíocht an Aontais sa réimse íocaíochtaí (PSD1 de 2007 agus PSD2), maidir le híocaíochtaí trasteorann, agus soláthar trasteorann seirbhísí íocaíochta sa mhargadh aonair. Tá cuideachtaí ag baint úsáid ghníomhach as nós imeachta an phas agus bunú i ndlínsí náisiúnta éagsúla. Ní féidir margadh íocaíochtaí aonair a chruthú ach le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha ab fhearr ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Níor breithníodh roghanna neamhreachtacha, ag cur san áireamh go bhfuil na cúiseanna leis na fadhbanna ina gcúiseanna reachtacha go bunúsach. Diúltaíodh do roghanna a bheadh ina gcúis le costais shuntasacha nó corraíl shuntasach sa mhargadh, ar mhaithe le sochar éiginnte. Áirítear orthu sin: dliteanas iomlán ar bhainc agus ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta eile as íocaíochtaí calaoiseacha arb é innealtóireacht shóisialta is cúis leo; i gcás na Baincéireachta Oscailte, óna dteastaíonn comhéadan caighdeánaithe rochtana sonraí agus lena mbaintear an ceanglas reatha go bhféadfaí oibríochtaí na Baincéireachta Oscailte a dhéanamh gan bhonn conarthach agus gan muirear a chur i bhfeidhm; gníomhaireacht nua de chuid an Aontais a chruthú chun rialacha na Baincéireachta Oscailte a chur chun feidhme.

Ba iad seo a leanas na roghanna a coinníodh:

1. Cosaint tomhaltóirí ar chalaois íocaíochta a neartú: bearta chun úsáid SCA a mhéadú, bunús dlí le haghaidh malartú faisnéise idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta maidir le calaois, leathnú ar na córais fíorúcháin IBAN/ainm an íocaí chuig gach aistriú creidmheasa (atá beartaithe faoi láthair le haghaidh íocaíochtaí meandracha amháin), agus aisiompú coinníollach dliteanais – ó úsáideoirí go soláthraí seirbhísí íocaíochta - le haghaidh calaois innealtóireachta sóisialta i gcásanna sonracha easnamh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta (seiceáil IBAN/ainm nach bhfuil ag feidhmiú agus calaois lena mbaineann pearsanú fostaithe bainc).
2. Chun feidhmiú na Baincéireachta Oscailte a fheabhsú, rud atá ina cheanglas maidir le comhéadan tiomnaithe rochtana sonraí; 'deaiseanna ceadanna' do thomhaltóirí chun a gcuid sonraí a rialú ar bhealach níos fearr, ceanglais nua maidir le comhéadain rochtana sonraí na Baincéireachta Oscailte, lena sonraítear íoscheanglais níos mionsonraithe maidir le comhéadain trína gcuirtear sonraí ar fáil.
3. Feabhas a chur ar fhorfheidhmiú agus ar chur chun feidhme sna Ballstáit; rialachán is infheidhme go díreach a chur in ionad na coda is mó de PSD2 lena soiléirítear gnéithe de PSD2 nach bhfuil soiléir nó atá débhríoch; forálacha maidir le pionóis a neartú.
4. Cothroime iomaíochta a áirithiú do gach soláthraí seirbhísí íocaíochta maidir le rochtain ar chórais íocaíochta: cearta soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc chun rochtain indíreach a fháil trí chuntas bainc a neartú; an deis a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc bheith rannpháirteach go díreach i ngach córas íocaíochta, lena n-áirítear na cinn arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun SFD, agus soiléiriú maidir le nósanna imeachta um ligean isteach agus um measúnú riosca.

**Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cad iad na bearta is rogha leo?**

Maidir le calaois a chosc, bhí fonn leathan ann soiléirithe a fháil maidir le húsáid SCA, ionas nach ndéanfaí íocaíochtaí áirithe a dhíolmhú go mícheart ó SCA. Thacaigh comhlachtaí tomhaltóirí le bearta chun úsáid SCA a éascú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine eile a bhfuil deacrachtaí acu le SCA. B'fhearr le hionadaithe tomhaltóirí dliteanas níos forleithne ar bhainc as íocaíochtaí calaoiseacha údaraithe.

Sa Bhaincéireacht Oscailte, theastaigh ó bhainc ar bhonn ginearálta an ceart chun táille a ghearradh ar úsáideoirí sonraí ar mhaithe le rochtain a fháil ar shonraí custaiméirí; ba mhian le roinnt úsáideoirí comhlacht forfheidhmithe ar leith. Ní raibh mórán tacaíochta ann maidir le comhéadain chaighdeánaithe sonraí a fhorchur, i bhfianaise na gcostas báite a bhaineann le comhéadain atá ann cheana.

Bhí tacaíocht leathan ann maidir le go leor forálacha de PSD2 a achtú i Rialachán, cé go raibh drogall ar Bhallstáit áirithe. Ba iad eagraíochtaí tomhaltóirí agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc a thacaigh

go príomha le pionóis a neartú i PSD2.

Maidir le rochtain ar chórais íocaíochta, thacaigh neamhbhainc go ginearálta le cead a thabhairt dóibh rochtain dhíreach a fháil ar chórais a ainmníodh faoi SFD, agus mheas bainc go raibh an cás reatha sásúil tríd agus tríd. Bhí poist éagsúla ag údaráis phoiblí.

## C. Tionchar na rogha ab fhearr

**Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an rogha ab fhearr (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí: laghdú ar chalaois innealtóireachta sóisialta (a mheastar a bheith cothrom le EUR 323 mhilliún in aghaidh na bliana); forbairt mhéadaithe na Baincéireachta Oscailte, lena mbaineann níos mó nuálaíochta agus níos mó seirbhísí nua á dtairiscint; iomaíocht níos mó idir bainc agus neamhbhainc i seirbhísí íocaíochta as a dtagann brú anuas ar phraghsanna; feidhmiú níos fearr an mhargaidh aonair le haghaidh íocaíochtaí, mar gheall ar fhorfheidhmiú agus ar chur chun feidhme feabhsaithe.

**Cad iad costais na rogha ab fhearr (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Is iad seo a leanas na roghanna is costasaí ar diúltaíodh dóibh, na roghanna a coinníodh lena mbaineann costais shuntasacha cur chun feidhme:

- Leathnú ar fhíorú IBAN/ainm an íocaí chuig íocaíochtaí agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta nach gcumhdaítear cheana leis an togra ón gCoimisiún maidir le híocaíochtaí meandracha. Clúdófar leis sin 1200-1300 PSP (i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro den chuid is mó) ar chostas aonuaire cúpla céad míle euro ar an meán agus costas cothabhála bliantúil de bhreis agus tríocha míle euro. Ceadófar táille a ghearradh ar chustaiméirí as an tseirbhís sin a úsáid, áfach, rud a éascóidh aisghabháil éigin costais.
- Sa Bhaincéireacht Oscailte, cosnóidh cruthú deaiseanna ceadanna suas le EUR 47 milliún i gcostais aonuaire do bhainc agus do sholáthraithe cuntas íocaíochta eile. Ba cheart go mbeadh costas aonuaire thart ar EUR 185 mhilliún i gceist le comhéadain sonraí a uasghrádú de réir na n-íoscheanglas nua, arna fhritháireamh trí cheanglas reatha le haghaidh ‘comhéadan cúltaca’ agus coigilteas eile a bhaint.
- Beidh ar mhórchórais íocaíochta, a bhféadfadh rochtain a bheith ag soláthraithe seirbhísí íocaíochtaí neamhbhainc orthu as seo amach, déileáil le hiarratais ar rannpháirtíocht ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochtaí neamhbhainc, rud a mbeidh iarmhairtí riaracháin air.
- Beidh fíorchostais, ach costais theoranta mar sin féin, ag baint le bearta eile sa tionscnamh do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, mar shampla bearta chun úsáid SCA agus feachtais feasachta frithchalaoise a éascú.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Baineann FBManna leis an tionscnamh sin ar dhá bhealach, mar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (amhail ceannaithe nó úsáideoirí gnó) agus mar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí airgeadais íocaíochta (soláthraithe seirbhísí íocaíochta níos lú, gnólachtaí nuathionscanta etc.). Dá bhrí sin tá siad ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh den mhargadh íocaíochtaí. Beidh rochtain ag FBManna mar cheannaithe agus mar úsáideoirí corparáideacha eile na gcóras íocaíochta ar réimse níos leithne seirbhísí íocaíochta ar phraghsanna níos iomaíche. Bainfidh FBManna ar teicneolaíocht airgeadais íocaíochta iad (soláthraithe tríú páirtí na Baincéireachta Oscailte nó soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc) tairbhe as feidhmiú feabhsaithe comhéadan na Baincéireacht Oscailte nó as rochtain níos fearr ar chórais íocaíochta. Ar an iomlán, táthar ag súil go ndéanfaidh FBManna glanghnóthachain ar an dá thaobh den mhargadh ina ón tionscnamh sin.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Le gníomhaíocht fheabhsaithe forfheidhmithe agus cur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na Baincéireachta Oscailte, éileofar ar a lán maoirseoirí náisiúnta a soláthar foirne sa réimse íocaíochtaí a threisiú.

| An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist? |
|---|
| Tá bearta sa tionscnamh chun comhleanúnachas na rialacha íocaíochta leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a fheabhsú, mar shampla soiléiriú a thabhair ar chur i bhfeidhm choincheapa an RGCS maidir le toiliú sainráite, sonraí páirtithe díomhaoine agus próiseáil catagóirí speisialta sonraí. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Éileofar le clásal athbhreithnithe go ndéanfar athbhreithniú ar an reachtaíocht nua 5 bliana i ndiaidh í a chur i bhfeidhm. |